Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2022, as leithreasaí neamhchaite 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €686,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

***Ról an Bhoird***

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Foráiltear leis do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh a bheidh comhdhéanta d'ochtar comhaltaí seachtracha agus de Phríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio.

I gcomparáid leis na gnáthfheidhmeanna atá ag boird Stáit, baineann feidhmeanna reachtúla an Bhoird níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. Áirítear leo na nithe seo a leanas a dhéanamh, tríd is tríd:

- ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh
- monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus comhairle a thabhairt di maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna imeachtaí cuí athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtaca le comórtais earcaíochta agus comórtais ardú céime, agus aon chóid chleachtais iomchuí a n-eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí iad á gcur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn

Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheann ar an Oifig. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte (e.g., acmhainní daonna agus párolla) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú

- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, ar feidhm í a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mionsonraí faoi chúig chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na treoirlínte seachas i gcás conradh amháin dar luach €46,403 (gan CBL a áireamh) le haghaidh seirbhísí slándála a sholáthar ag Teach na Caibidle.

Fostaíodh an soláthraí ar dtús ar mholadh a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí, fad a bheadh oibreacha tógála ar bun, go háirithe chun rochtain ar Theach na Caibidle a chinntiú nuair ba ghá. Tar éis na paindéime, agus ar chomhairle a fháil ón nGarda Síochána, cinneadh go leanfaí den tseirbhís mar gheall ar an méadú suntasach in iompraíocht fhrithshóisialta sa cheantar.

Cuirfear in ionad an chonartha tar éis próiseas soláthair iomaíoch sa bhliain 2023.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a bhfuil tuilleadh plé déanta orthu sa chéad rannán eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe a bhaineann le Covid-19***

Rinne an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar thionchar leanúnach Covid-19 agus na cianoibre ar chórais rialaithe inmheánaigh na hOifige don bhliain 2022. Níor tugadh aon bhearnaí, aon laigí ná aon réimsí neamhchomhlíonta suntasacha faoi deara. Athraíodh líon beag nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go leanann siad le feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht oibre hibridí.

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

29 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta r na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Cuntas Leithreasa 2022

| | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A An státseirbhís agus an tSeirbhís phoiblí - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | |
| *Bunaidh* | 19,659 | | | |
| *Forlíontach* | 574 | | | |
| | | 20,233 | 19,578 | 19,525 |
| **Ollchaiteachas** | | **20,233** | **19,578** | **19,525** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 175 | | | |
| *Forlíontach* | 95 | | | |
| | | **270** | **301** | **361** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 19,484 | | | |
| *Forlíontach* | 479 | | | |
| | | **19,963** | **19,277** | **19,164** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh thar an tsuim a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **685,604** | **1,336,709** |

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

29 Márta 2023

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 11,564 | 10,011 |
| Neamhphá | | 8,014 | 9,514 |
| **Ollchaiteachas** | | **19,578** | **19,525** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 301 | 361 |
| **Glanchaiteachas** | | **19,277** | **19,164** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (90) | | |
| Dímheas | 145 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 21 | 76 | 121 |
| **Athruithe ar ghlanshócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 198 | | |
| Laghdú i bhfardail | 25 | 223 | (238) |
| **Caiteachas díreach** | | **19,576** | **19,047** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,374 | 4,023 |
| **Glanchostas an chláir** | | **22,950** | **23,070** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 62 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,354 | 1,020 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,887 | 2,908 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 28 | 21 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 43 | 29 |
| | | **3,374** | **4,023** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 360 | 436 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 346 | 400 |
| Fardail | 2.3 | — | 25 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 389 | 631 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 131 | 41 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 465 | 1,215 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,331** | **2,312** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 216 | 170 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 495 | 451 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 316 | 1,164 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,027** | **1,785** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 304 | 527 |
| **Glansócmhainní** | | **664** | **963** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **664** | **963** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 6,682 | 375 | 7,057 |
| Breiseanna | 90 | — | 90 |
| Diúscairtí | (1,649) | (133) | (1,782) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 5,123 | 242 | 5,365 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 6,427 | 194 | 6,621 |
| Dímheas don bhliain | 119 | 26 | 145 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,640) | (121) | (1,761) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 4,906 | 99 | 5,005 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **217** | **143** | **360** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 255 | 181 | 436 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 345 | 356 |
| Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála | — | 43 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **346** | **400** |

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Tomhaltáin [a] | — | 25 |
| | **—** | **25** |

Nóta [a] Ag tosú in 2022, cuirtear míreanna ardéilimh íseal-luacha le costais na bliana, agus ní rangaítear iad mar mhíreanna stoic.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaí TF | 367 | 405 |
| Costais clár sonrach | 5 | 210 |
| Costais riaracháin | 17 | 16 |
| | **389** | **631** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Costais riaracháin | 29 | — |
| Dlite as seirbhísí | 102 | 41 |
| | **131** | **41** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Fionraí tuarastail | 256 | 212 |
| Réamhíocaíochtaí chuig OOP | 95 | 946 |
| Scéim in-fhorchúitithe pasanna taistil | 2 | 6 |
| Míreanna eile dochair ar fionraí | 112 | 51 |
| | **465** | **1,215** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaí TF | 6 | 116 |
| Costais clár sonrach | 48 | 32 |
| Costais riaracháin | 162 | 22 |
| | **216** | **170** |

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 221 | 202 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 140 | 113 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 30 | 47 |
| Cáin bhreisluacha | 31 | 24 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | — |
| | 423 | 386 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí | 72 | 65 |
| | **495** | **451** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 686 | 1,337 |
| Géilleadh iarchurtha | — | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (370) | (173) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **316** | **1,164** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 346 | 400 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 465 | 1,215 |
| | 811 | 1,615 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (423) | (386) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (72) | (65) |
| | (495) | (451) |
| | **316** | **1,164** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 963 | 846 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 19,963 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (686) | | |
| Glanvóta | | | 19,277 | 19,164 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,374 | 4,023 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (22,950) | (23,070) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **664** | **963** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 376 | 115 |
| Tionscadail chaipitil | — | 988 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **376** | **1,103** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh iomlán ar Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aicmithe mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear ar chlár amháin: an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí – ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú.

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh.* | 11,702 | | | |
| | | *Forlíontach* | 60 | | | |
| | | | | 11,762 | 11,564 | 10,011 |
| ii | Taisteal agus cothú [a] | | | 30 | 3 | 57 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 381 | | | |
| | | *Forlíontach* | 59 | | | |
| | | | | 440 | 416 | 458 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (39) | 61 | 102 | 67 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,319) | | | |
| | | | | 1,671 | 1,552 | 1,472 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 749 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,139 | | | |
| | | | | 1,888 | 1,707 | 3,841 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 80 | | | |
| | | *Forlíontach* | 160 | | | |
| | | | | 240 | 153 | 100 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,527 | | | |
| | | *Forlíontach* | 457 | | | |
| | | | | 1,984 | 1,830 | 1,450 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ix | Costais earcaíochta - boird agallaimh | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,100 | | | |
| | *Forlíontach* | 57 | | | |
| | | | 2,157 | 2,251 | 2,069 |
| | | | **20,233** | **19,578** | **19,525** |

Nóta [a] I ndiaidh athbreithnithe ar chaiteachas neamhphá Riaracháin, tugadh faoi deara gur muirearaíodh costais a bhaineann le cúiréirí agus le bainistíocht comhad ar an gcuntas Taistil agus Cothaithe de bhotún i mblianta roimhe seo. In 2022, muirearaíodh na costais seo ar an gcuntas do Sheirbhísí Poist agus Teileachumarsáide agus ar an gcuntas Oiliúna agus Forbartha agus ar an gcuntas do chostais theagmhasacha, de réir mar is cuí.

**Difríochtaí suntasacha**

Léirítear thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €2.99 milliún; toradh €1.552 milliún*

Bhí leithdháileadh caipitil de €1.5 milliún ar Thionscadal Nova san áireamh sa mheastachán bunaidh do threalamh oifige agus do sheirbhísí TF seachtracha, chun an córas earcaíochta a athsholáthar. Toisc gur thóg an próiseas soláthair níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis, níor tabhaíodh príomhchostais an tionscadail seo le linn 2022, agus caiteachas iomlán tionscadail de €159,000 ann don bhliain.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €749,000; toradh €1.707 milliún*

Bhí an meastachán bunaidh do chostais áitribh oifige bunaithe ar an tuairim go mbeadh an tionscadal um Theach na Caibidle a uasghrádú críochnaithe in 2021 agus nach mbeadh le cur isteach in 2022 ach córais chlosamhairc trí leithdháileadh €500,000. De bharr go raibh moill ann ar an tionscadal, áfach, níor muirearaíodh costais tógála ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le linn 2021 agus, ina ionad sin, tabhaíodh iad in 2022. Caitheadh caiteachas caipitil iomlán de €1.516 mhilliún ar an tionscadal in 2022. Sa mheastachán forlíontach don bhliain, cuireadh an leithdháileadh caipitil ar aghaidh ó Thionscadal Nova chuig an Tionscadal um Theach na Caibidle a uasghrádú chun na costais sin a chlúdach.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 25 | | | |
| | *Forlíontach* | 70 | | | |
| | | | 95 | 100 | 178 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 150 | | | |
| | *Forlíontach* | 25 | | | |
| | | | 175 | 201 | 183 |
| | **Iomlán** | | **270** | **301** | **361** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **272** | **220** |

### 5.2 Pá

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 10,453 | 9,052 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 110 | 98 |
| Ragobair | 5 | 12 |
| ÁSPC an Fhostóra | 996 | 849 |
| **Pá iomlán** | **11,564** | **10,011** |

### 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 32 | 4 | 14,413 | 11,050 |
| Ragobair | 24 | — | 389 | 1,733 |
| Íocaíocht bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 11,770 | 12,740 |

## 5.4 Ball Foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí de réir banda pá

Bhí líon na mball foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí arb ionann a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear buntuarastal, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) idir €20,000 agus €59,999 agus, maidir le gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh, tá na figiúirí mar seo a leanas.

| **Banda pá (€)** | | **Líon fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 189 | 184 |
| 60,000 | 69,999 | 11 | 7 |
| 70,000 | 79,999 | 13 | 9 |
| 80,000 | 89,999 | 11 | 6 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 4 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 2 |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh 122 státseirbhíseach atá ar scor agus a fhaigheann pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táillí ar chostas iomlán €853,271. Íocadh iad de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Íocadh €35,055 san iomlán i dtáillí le ceathrar comhaltaí de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2022, mar a léirítear sa tábla seo a leanas.

| **Comhalta** | **Táillí bliantúla** | |
|---|---|---|
| | **2022** | **2021** |
| | **€** | **€** |
| Shirley Comerford, Príomhfheidhmeannach (go dtí an 8 Iúil 2022) | — | — |
| Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach (ón 11 Iúil 2022) | — | — |
| Tom Moran, Cathaoirleach | 11,970 | 11,970 |
| Mary Hurley (go dtí mí an Mhárta 2022) [a] | — | — |
| An Dr Eddie Molloy | 7,695 | 7,695 |
| Anne Marie Taylor | 7,695 | 7,695 |
| Mary Connaughton | 7,695 | 7,695 |
| Anne O'Connor [a] (go dtí mí an Mheithimh 2022) | — | — |
| Fiona Quinn [a] (ó mhí an Mheithimh 2022) | — | — |
| Yvonne Cooke [a] (ó mhí an Mheithimh 2022) | — | — |
| Colin Menton [a] (ó mhí Dheireadh Fómhair 2022) | — | — |
| Anne Marie Hoey [a] (ó mhí na Samhna 2022) | — | — |
| **Iomlán** | **35,055** | **35,055** |

Nóta [a] Státseirbhísigh ar seirbhís, nach bhfaigheann aon táillí mar Chomhalta Boird faoin bprionsabal ar a dtugtar 'duine amháin, tuarastal amháin'.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 21 | 16,251 | 4,966 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 2,719 | 1,774 |

## 5.7 Íocaíocht agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí íocaíocht agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta mar seo a leanas don bhliain airgeadais:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Bunphá** | | |
| Shirley Comerford (go dtí an 8 Iúil 2022) | 102 | 159 |
| Margaret McCabe (ón 11 Iúil 2022) | 53 | — |
| | 155 | 159 |

Thosaigh Príomhfheidhmeannach eatramhach ag obair in ionad an Phríomhfheidhmeannaigh (POF) ón 11 Iúil 2022 i leith. I ndiaidh comórtais earcaíochta oscailte, ceapadh an Príomhfheidhmeannach eatramhach sa ról ar bhonn buan an 1 Eanáir 2023.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh thuas. Is comhalta den Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe a bhí i bhfeidhm roimh 1995 í an Príomhfheidhmeannach, agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin a thuill sí le linn na bliana teorainneacha na scéime sin.